CARGHAS 2019

Urnaí Bheannú na Talún

Trócaire

BEANNÚ NA TALÚN

Is féidir an tseirbhís urnaí seo a úsáid sa bhaile, ar scoil nó sa pharóiste. Cuir in oiriúint daoibh féin é. Is féidir é a reáchtáil i ngairdín, ar fheirm, sa bhaile, i bpáirc phoiblí, i bhforaois nó in áit ar bith ina mothaítear go bhfuil gaol ag daoine leis an talamh agus leis an nádúr. Cuireann ceol agus amhráin atá bunaithe ar na téamaí sin, nó ar mheas ar an gcomhshaol, go mór leis an tseirbhís.

Ceannaire: Is leatsa an talamh, an mhuir, an spéir.
Cách: ***A Dhia, a chruthaigh cách, éist lenár nguí.***
Ceannaire: Bhronn tú an domhan mar áit chónaithe orainn.
Cách: ***A Dhia, a chruthaigh cách, éist lenár nguí.***
Ceannaire: Go roinnfimid tíolacadh Dé lena chéile.
Cách: ***A Dhia, a chruthaigh cách, éist lenár nguí.***

Salm 65

Léitheoir:

Thug tú cuairt ar an talamh, á huisciú,
gur mhéadaigh tú a maoin.
Sceitheann abhainn Dé thar bruacha
d'fhonn arbhar a sholáthar di.
Is mar sin a ullmhaíonn tú an talamh,
ag tabhairt uisce dá claiseanna.
Déanann tú a bogadh le ceathanna;
beannaíonn tú a geamhair.
Chuir tú barr ar an mbliain le d'fhéile
agus tá do chéimeanna ar sileadh le méathras
agus féaraigh an fhásaigh faoi bhláth.
Tá na cnoic arna gcrioslú le gairdeas
agus na móinéir ag cur thar maoil le tréada.
Tá na gleannta faoi bhrat arbhair.

Beannú na Talún

Tugtar buidéal beag uisce an duine do chách.

Ceannaire: Beannaímis an talamh a bronnadh ar chách.

Caitheann cách braonta uisce ar an talamh.

Ceannaire: Beannaímis an talamh a bronnadh ar chách, le bheith mar áit chónaithe do chách.

Caitheann cách braonta uisce ar an talamh.

Ceannaire: Beannaímis an talamh a bronnadh ar chách le bia a chur ar fáil do chách.

Caitheann cách braonta uisce ar an talamh.

Cách: ***Gabhaimid buíochas leat a Thiarna as tíolacadh Dé do chách.***

Ceannaire: Gabhaimid buíochas as an talamh atá mar áit chónaithe againn féin. Éistimis leis na scéalta a thagann ón bpobal atá faoi bhagairt an díshealbhaithe.

Léitheoir: *Léigh dhá cheann ar a laghad de na scéalta seo leanas amach os ard agus déan coinneal a lasadh ar mhaithe leis na pobail atá i gceist i ngach aon chás acu.*

1) *I nGuatamala*

I ngleann Polochic i dtuaisceart Ghuatamala, tá an cine dúchasach Q'eqchi go mór faoi bhrú ar eagla go ndíbreofar óna gcuid talún iad. Chónaigh a gcuid sinsir siúd anseo leis na céadta bliain. Níl doiciméid theideal chun talún ag na daoine seo, toisc nár cláraíodh i gceart iad, nó toisc gur scriosadh i rith coinbhleachtaí an cheantair iad. Paraná is ainm do cheantair amháin ina mbíonn bagairt ar an bpobal go bhféadfadh díshealbhú foréigneach a bheith rompu. Tháinig an pobal anseo sa bhliain 2010 le slí mhaireachtála feabhsaithe a chruthú dá muintir. Ní raibh go leor talún acu le bia a fhás dóibh féin roimhe sin, ná dóchas ar bith don todhchaí iontu. Is í an tuath seo an áit chónaithe dhúchasach, dar leo.

2) *I dTír na Liobáine*

Tá cogadh cathartha na Siria ar siúl anois le breis agus seacht mbliana. Is dídeanaithe iad Hassan agus Maram ar feadh an ama, nach mór. Theitheadar féin agus an chlann óg i dtús an chogaidh. D'fhág siad an seansaol agus a gcuid iarmhais ar fad ina ndiaidh. Deir Hassan gur tháinig claochlú iomlán ar a shaol nuair a thosaigh an cogadh. Theip ar chúrsaí. D'iompaigh an saol maith a bhí acu ina scéal uafáis.

Le seacht mbliana anuas tá an bhochtaineacht, an eagla, an easpa cinnteachta ag goilleadh orthu. Má leanann leis an gcogadh sa tSiria, ní féidir a rá go bhfillfidh siad ar an mbaile riamh.

3) *In Uganda*

Deir Evelyn gur cuireadh tús leis an ngrabáil talún ar bhealach neafaiseach. Fuair a fear céile bás sa bhliain 2011, agus dúirt a uncail siúd léi go gcaithfí acra talún a dhíol leis na fiacha tórraimh a íoc. Bhí go maith, agus ní raibh go holc. Ach lean an díolachán de réir a chéile. Is fíor nár pósadh Evelyn de réir an dlí. In Uganda, íocann an fear céile an spré a leagann muintir na mná síos. Is minic go mbíonn deacracht ag an bhfear praghas ard a íoc, agus go mbíonn comhaontú briathartha ann maidir leis an bpósadh. Mura n-íoctar an tsuim ina iomláine áfach, ní féidir pósadh dlíthiúil a thabhairt air. Glactar cás ansin, in aghaidh na baintrí agus na clainne nach bhfuil cearta ar thalamh an teaghlaigh acu ar chor ar bith.

4) *In Éirinn*

Má bhímid ag foghlaim mar gheall ar chearta ar thalamh in Uganda, i nGuatamala agus sa Liobáin, tuigimid go bhfuil ceisteanna maidir leis an gcóir sóisialta a chuireann isteach ar aicmí áirithe den tsochaí in Éirinn – an tithíocht agus an easpa dídine, mar shampla. Músclaíonn Trócaire feasacht maidir le bunchúiseanna na bochtaineachta agus na héagóra domhanda, maidir leis na dúshláin comónta a chuirtear romhainn, agus maidir leis an tábhacht atá ann go mbeadh dlúthpháirtíocht i measc phobail an domhain agus muid ag troid ar son na córa.

Ceannaire: Bíonn comhbhá ó chroí againn leis an bpobal agus leis an gcomhluadar seo a fhulaingíonn ón tsaint agus ón mhí-úsáid chumhachta, nuair a ghoidtear a gcuid talún uathu, agus nuair a dhíshealbhaítear iad.

A Dhia a chruthaigh cách, deonaigh go mbeidh sé de mhisneach againn seasamh in aghaidh na n-éagóracha seo.

Cách: *A Dhia, a chruthaigh cách, éist lenár nguí.*

Ceannaire: Bronn an neart, an eagna agus an mhaoin cheart ar an gcarthanas a thugann tacaíocht do na teaghlaigh agus do na pobail úd.

Cách: *A Dhia, a chruthaigh cách, éist lenár nguí.*

Ceannaire: Cuireann an grá an ruaig ar gach eagla. Tugaimid grá dá chéile toisc gur ghráigh Dia ar dtús muid.

Imímis ón áit seo le bheith ag feidhmiú ar son an ghrá agus na córa do chách.

Cách: *Imímid in ainm Dé. Amen.*

Tá clár Thrócaire an teaghlaigh 'Romero' le híoslódáil ag: www.trocaire.org

Bí linn ar:

Facebook: facebook.com/trocaireireland – bí i dteagmháil linn

Twitter: twitter.com/trocaire – na tvuíteanna is déanaí

YouTube: youtube.com/trocaire – tugann tusa tacaíocht do na daoine seo

Vimeo: vimeo.com/trocaire – féach ar na físeáin

Instagram: instagram.com/trocaireonline – grianghraif agus físeáin

Bí i dTeagmháil Linn:

Trócaire, Maigh Nuad, Co. Chill Dara, Éire
F: +353 (0)1 629 3333
R: Mary Boyce at: mary.boyce@trocaire.org

Trócaire, 12 Sráid na hArdeaglaise, Baile Átha Cliath, Éire
F: +353 (0)1 874 3875
R: dublincentre@trocaire.org

Trócaire, 9 Sráid an Chócaigh, Corcaigh, Éire
F: +353 (0)21 427 5622
R: corkcentre@trocaire.org

Trócaire, 50 Sráid an Rí, Béal Feirste BT1 6AD, Tuaisceart Éireann
F: +44 (0) 28 90 808 030
R: infoni@trocaire.org

Irish Aid
An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála
Department of Foreign Affairs and Trade

Aithníonn Trócaire go buíoch an tacaíocht a thugann Cúnamh Éireann dúinn agus a chuireann ar ár gcumas imeachtaí Oideachas Forbartha a chur ar fáil in Éirinn. Tá an fhreagracht ar na húdair as an ábhar, as na bealaí oibre agus as na gníomhaíochtaí a léirítear san acmhainn seo, agus ní gá go mbeidís ag réiteach le polasaithe Cúnamh Éireann.

Clúdach Tosaigh: Evelyn (36) ar an bpíosa talún i dtuaisceart Uganda. Grianghraf: Gary Moore

Trócaire

TAG: CH6